



AN TÚDARÁS PÓILÍNEACHTA  
POLICING AUTHORITY

# Ráiteas Straitéise

## 2019-21

Eanáir 2019



AN TÚDARÁS POILÍNEACHTA  
POLICING AUTHORITY

## Clár Ábhair

Réamhrá an Chathaoirligh .....	4
Maidir leis an Údarás .....	5
Cad é an tÚdarás Póilíneachta? .....	5
Cad a dhéanann an tÚdarás Póilíneachta? .....	6
1. Réamhrá .....	8
2. Fís, Misean agus Luachanna .....	9
3. Príomhdhúshláin, Riosca agus Deiseanna inár dTimpeallacht .....	12
4. Cearta an Duine agus Gealltanais maidir le Comhionannas .....	13
5. Torthaí, Aidhmeanna, Gníomhaíochtaí agus Táscairí Feidhmíochta .....	14
<b>Toradh Inmhianaithe 1</b> – Feabhas leanúnach ar phóilíneacht in Éirinn agus acmhainní poiblí á n-úsáid ag an nGarda Síochána ar bhealach éifeachtach agus éifeachtúil .....	14
<b>Toradh Inmhianaithe 2</b> – Cultúr ardfheidhmíochta agus luachanna láidre eitice i measc an Gharda Síochána .....	17
<b>Toradh Inmhianaithe 3</b> – Feasacht láidir i measc an phobail agus rannpháirtíocht maidir le cúrsaí póilíneachta .....	19
<b>Toradh Inmhianaithe 4</b> – An tÚdarás ina eagraíocht ardfheidhmíochta, nuálach, freagrúil a bhfuil meas air, dírithe ar a fhís agus a mhisean .....	21

## Réamhrá an Chathaoirligh

Tá clár an Rialtais maidir le hathchóiriú póilíneachta fógartha agus foilsithe aige. Leagann sé amach clár athchóirithe póilíneachta a leanfaidh go dtí 2022 atá fairsing agus uailmhianach. De réir mar dhéantar é a fhorchéimniú agus de réir mar a chuirtear reachtaíocht nua i bhfeidhm, beidh tionchar ag an gclár seo ar chruth agus ar fheidhmeanna an Údaráis Póilíneachta, agus dá réir sin, ar an straitéis seo. Is léir, áfach, go dtógfar todhchaí na maoirseachta póilíneachta ar an mbonn láidir atá bunaithe ag an Údarás Póilíneachta, agus idir an dá linn, leanfaidh an tÚdarás air ag baint amach a fhreagrachtaí reachtúla laistigh den chreat reachtaíochta reatha, agus ní mór pleanáil dá réir.


Sa chomhthéacs seo, tá áthas orm an dara Ráiteas Straitéise seo don Údarás Póilíneachta a chur i láthair don tréimhse 2019-2021 de réir alt 62N d'Acht an Gharda Síochána 2005. Cuireann an straitéis seo leis an taithí agus an méid atá bainte amach sna trí bliana ó bunaíodh an tÚdarás. Mar atá déanta gach bliain go dtí seo, leathnaíonn an straitéis seo raon agus doimhne ár ngníomhaíochtaí maoirseachta agus pléann sí bealaí nua chun ár bhfís a chur chun cinn – fíis de sheirbhís póilíneachta atá gairmiúil, neamhchlaonta agus ag dul i bhfeabhas go seasta.

Leanfaimid orainn leis an gcroíghnó maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmíocht póilíneachta bunaithe ar thosaíochtaí póilíneachta, spriocanna feidhmíochta a leagan síos agus Straitéis an Gharda Síochána agus Pleananna Póilíneachta bliantúla Choimisinéir na nGardaí a fhaomhadh. Déanfar maoirseacht ar fheidhmíocht an Gharda Síochána agus iad i mbun seirbhísí póilíneachta a sholáthar, trí athbhreithniú, measúnú, monatóireacht agus gníomhaíochtaí comhairleacha a bheidh le feiceáil go soiléir inár gcuid oibre leanúnach le Coimisinéir na nGardaí go poiblí. Is bunchuid é an grinnscrúdú buanseasmhach poiblí chun muinín an phobail in eagraíocht an Gharda a spreagadh. Ní hamháin sin, tugann sé deis don Choimisinéir freagairt ar inní an phobail.

Leanfaimid orainn le bunfheidhmeanna reachtúla maidir le ceapacháin shinsearacha sa Gharda, feidhm a bhfuil tábhacht chultúrtha ag baint léi i gcomhthéacs athchóiriú an Gharda, agus is amhlaidh don Chód Eitice don Gharda Síochána a bhunaigh an tÚdarás. Leanfaimid orainn ag cur brú chun go neadófaí an Cód i ngach gné de ghníomhaíochtaí an Gharda. Chun tacú leis an obair sin, is mian linn feabhas a chur ar ár gcumas maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmíocht an Gharda, go háirithe i gcomhthéacs a ndualgas maidir le cearta an duine. Beidh teagmháil níos doimhne againn le páirtithe leasmhara chun tuiscint an Údaráis a leathnú ar conas a théann feidhmíocht an Gharda i bhfeidhm ar an bpobal chomh maith le feacht an phobail maidir le hobair an Údaráis a fheabhsú. Tá sé i gceist againn píosa oibre faoi leith a dhéanamh ar an taithí ata ag íospartaigh coireachta agus iad ag deileáil leis an nGarda Síochána.

Léirítear moltaí sa straitéis seo a rinneamar chun tacú le bunú creat nua maoirseachta atá pleanáilte, lena n-áirítear cumasc idir an tÚdarás agus Cigireacht an Gharda Síochána lena bhfuil dlúthghaol dearfach againn cheana féin. Tá taithí agus saineolas an Údaráis curtha ar fáil againn chun cur chun feidhme an phróisis atá bunaithe ag an Rialtas a éascú. San áireamh tá ár dtaithe maidir le measúnú a dhéanamh ar athruithe sa Gharda Síochána a chur i bhfeidhm agus is í an aidhm atá againn ná cinnte a dhéanamh de go mbeidh maoirseacht níos láidre ann agus go neadófar na hathruithe.

Ar deireadh, le tacaíocht mo chomhghleacaithe san Údarás, an Príomhfheidhmeannach agus foireann feidhmiúcháin den scoth, cinnteoidimid go leanfaidh an tÚdarás air mar eagraíocht ardchaighdeáin dea-rialaithe a dhéanann a dhícheall na caighdeáin is airde a bhaint amach agus a mheallann foireann den scoth.



**Josephine Feehily**  
**Cathaoirleach**  
**16 Eanáir 2019**

## Maidir leis an Údarás

### Cad é an tÚdarás Póilíneachta?

Is comhlacht reachtúil neamhspleách é an tÚdarás Póilíneachta a bunaíodh an 1 Eanáir 2016. Tá sé mar aidhm againn maoirseacht a dhéanamh ar an nGarda Síochána maidir le seirbhísí póilíneachta, feasacht an phobail i dtaobh cúrsaí póilíneachta a chur chun cinn agus tacú le feabhas leanúnach ar chur ar an bpóilíneacht in Éirinn. Bunaíodh an tÚdarás trí achtú Acht an Gharda Síochána 2015 (An tÚdarás Póilíneachta agus Forálacha Ilghnéitheacha).

Cheap an Rialtas an Cathaoirleach agus Baill an Údaráis i ndiaidh phróiseas roghnúcháin na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí.

Ceaptar baill an údaráis ar feadh téarma 3 nó 4 bliana, ach d'fhéadfaí iad a athcheapadh le haghaidh téarma breise. Is é 8 mbliana an t-uastéarma. Ní cheadaítear do chomhaltaí an Oireachtais ná na hÚdaráis Áitiúla, baill reatha den Gharda Síochána, GSOC ná Cigireacht an Gharda Síochána bheith ina mbaill den Údarás.

Is iad baill reatha an Údaráis Póilíneachta ná:

- Josephine Feehily (Cathaoirleach)
- Noel Brett
- Bob Collins
- Pat Costello
- Judith Gillespie
- Valerie Judge
- Maureen Lynott
- An Dr Moling Ryan

D'éirigh an tUasal Brett as an Údarás le héifeacht ón 18 Eanáir 2019 agus tá an tÚdarás ag súil fáilte a chur roimh bhaill nua tar éis iad a bheith ceaptha ag an Rialtas.

Cuireann foireann atá faoi cheannaireacht an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin, an tUasal Helen Hall, tacaíocht ar fáil don Údarás.

## Cad a dhéanann an tÚdarás Póilíneachta?

Is é ról uileghabhálach an Údaráis ná maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmíocht an Gharda Síochána maidir lena fheidhmeanna faoi mar a bhaineann siad le seirbhísí póilíneachta. I measc na bhfeidhmeanna, na gcumhachtaí agus na ndualgas atá leagtha síos san Acht tá:

- Tosaíochtaí agus leibhéal fheidhmíochta don Gharda Síochána a leagan síos faoi mar a bhaineann siad le seirbhísí póilíneachta.
- An Ráiteas Straitéise a fhaomhadh mar aon leis an bPlean Póilíneachta Bliantúil a chuireann Coimisinéir na nGardaí isteach.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar:
  - Fheidhmíocht an Gharda Síochána chomh maith leis na socruithe agus na straitéisí atá ann chun tacú le agus feabhas a chur ar an bhfeidhmíocht sin;
  - Sásúlacht na rudaí seo a leanas:
    - Socruithe agus struchtúir rialachais chorparáidigh laistigh den Gharda Síochána;
    - Na socruithe atá ann chun Gardaí agus foireann an Gharda Síochána a earcú, a thraenáil agus a fhorbairt ;
    - An mheicníocht atá laistigh den Gharda Síochána chun feidhmíocht agus cuntasacht na foirne a thomhas; agus
    - Na socruithe atá ann chun na hacmhainní atá ar fáil don Gharda Síochána a bhainistiú agus chun a bheith cinnte go bhfuiltear á n-úsáid go héifeachtúil agus go héifeachtach.
- Cruinnithe a reáchtáil go rialta le Coimisinéir na nGardaí. Reáchtálfar ar a laghad 4 chruinniú go poiblí agus d'fhéadfaí iad a chraoladh ar na meáin gach bliain.
- Freagracht do:
  - Daoine a ainmniú atá le ceapadh ag an Rialtas mar Choimisinéir na nGardaí agus Leas-Choimisinéir na nGardaí i ndiaidh phróisis roghnúcháin na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí. I gcúinsí áirithe, déantar moltaí na daoine seo a bhaint as a bpost;
  - Daoine a cheapadh mar Cheannfort, mar Ard-Cheannfort agus mar Leas-Choimisinéir (agus iad a bhaint as na bpost ar chúiseanna a bhaineann le seirbhísí póilíneachta); agus
  - Daoine a cheapadh ar fhoireann an Gharda Síochána i ngrád Ard-Cheannfoirt nó níos airde.
- Treoirilínte a eisiúint chuig Údaráis Áitiúla agus Coimisinéir na nGardaí maidir le bunú agus cothabháil Comhchoistí Póilíneachta (CP) agus cruinnithe a reáchtáil de chathaoirligh na CP chun feidhmíocht na CP a chomhordú nó í a éascú.
- Prionsabail phóilíneachta agus feasacht an phobail a chur chun cinn maidir le seirbhísí póilíneachta, agus tacú le feabhas leanúnach a chur ar an bpóilíneacht sa Stát.
- Tionscadail thaighde a dhéanamh nó a choimisiúnú i gcúrsaí a bhaineann le seirbhísí póilíneachta a d'fhéadfadh, dar leis an Údarás:
  - Feabhas a chur ar chaighdeán agus ar fheasacht an phobail maidir leis na cúrsaí sin; nó
  - Laghdú a bhaint amach i líon na ngearán a dhéantar in aghaidh ball den Gharda Síochána maidir leis na cúrsaí sin.
- Bheith ar an eolas go ginearálta maidir le:
  - Gearáin a dhéantar in aghaidh ball den Gharda Síochána agus Rialacháin Smachta a chur i

bhfeidhm; agus

- Treochtaí agus patrúin choireachta.
- Monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar bhearta a dhéanann an Garda Síochána i leith moltaí i dtuarascáil Chigireacht an Gharda Síochána agus tuarascáil ina leith a chur faoi bhráid an Aire; agus
- Eolas agus comhairle a chur ar fáil don Aire ar chúrsaí éagsúla, lena n-áirítear:
  - Na hacmhainní is dócha a bheidh ag teastáil ón nGarda Síochána chun feidhmiú i ngach bliain airgeadais atá le teacht;
  - Forbairt maidir le cúrsaí a bhaineann le seirbhísí póilíneachta agus moltaí a dhéanamh a chuideoidh leis an Aire polasaithe a chomhordú agus a fhorbairt; agus
  - Dea-chleachtas póilíneachta.

## 1. Réamhrá

Is é aidhm an Ráitis Straitéise seo ná na torthaí a leagan síos a bhfuiltear ag súil leo ó obair an Údaráis Phóilíneachta sa tréimhse 1 Eanáir 2019 go dtí 31 Nollaig 2021, mar aon leis na heochairghníomhaíochtaí atá beartaithe ag an Údarás chun go mbainfí na torthaí sin amach. Tá Acht an Gharda Síochána 2005, leasaithe, mar bhonn reachtúil ag an ráiteas seo agus ullmhaíodh é tar éis tréimhse chomhairliúcháin poiblí a chuir ar chumas an phobail agus páirtithe leasmhara tuairimí a chur isteach lena mbreathnú.

Mura bhfuil a mhalirt luaite go soiléir, is é an 31 Nollaig 2021 an spriocdháta le haghaidh na dtáscairí feidhmíochta sa Ráiteas Straitéise seo. Tabharfar tacaíocht don Ráiteas le tosaíochtaí corparáideacha bliantúla agus pleananna a chuimsíonn bearta mionsonraithe faoi leith. Déanfaidh an tÚdarás athbhreithniú go tréimhsiúil chomh minic agus a bhfuil gá leis ach ar a laghad uair amháin sa bhliain chun maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm agus éifeachtúlacht na Straitéise.

Ar leithligh ón doiciméad seo, ullmhaíonn Coimisinéir na nGardaí agus cuireann sé i bhfeidhm Ráiteas Straitéise don Gharda Síochána mar aon le Pleananna Póilíneachta bliantúla. Cuirtear faoi bhráid an Údaráis iad le faomhadh, roimh iad a chur isteach go dtí an tAire Dlí agus Cirt lena dtailiú.

Tá an Ráiteas seo, a ullmhaíodh den chuid is mó sa dara leath de 2018, bunaithe ar an timpeallacht maoirseachta agus reachtaíochta reatha – an t-aon bhonn ar ar féidir leis an Údarás dul ar aghaidh ag an am seo. Mar sin féin, beidh moltaí an Choimisiúin ar Thodhchaí na Póilíneachta agus ar an bPlean Feidhmithe a bhaineann leis agus a d’fhaomh an Rialtas ar 18 Nollaig 2018, thar a bheith ábhartha d’obair an Údaráis sa tréimhse atá romhainn. Mar sin, stopamar ar feadh tamaill gearr i mí na Nollag 2018 i gcéim dheireanach na straitéise seo chun fanacht ar bhreithiúnas an Rialtais ar thuarascáil an Choimisiúin agus an plean feidhmithe a bhaineann leis. Dá bharr, bhí ar ár gcumas an obair sin a bhí i gceist i bhfeidhmiú na straitéise seo a chur san áireamh, lena n-áirítear socruithe le haghaidh cumaisc idir an tÚdarás agus Cigireacht an Gharda Síochána mar aon le hullmhúchán a dhéanamh do na feidhmeanna nua feabhsaithe atá beartaithe, agus más féidir, tús a chur leo ar bhonn riaracháin.




## Ár bhFís

**Ár bhFís** – Sochaí ar a bhfuil eagraíocht phóilíneachta ag freastal atá gairmiúil, neamhchlaonta agus ag dul i bhfeabhas i gcónaí agus a bhfuil muinín agus tacaíocht an phobail tuillte aici.

**Ár Misean -**  
Póilíneacht den  
scoth a spreagadh  
trí mhaoirseacht  
agus rialachas  
éifeachtach a bhfuil  
meas uirthi

**Ár Misean**

Ta ár luachanna tábhachtach dúinn.  
Le *brath* iontu tá ár gceóichultúr agus  
ár n-aitheantas. Is *treoir* iad inár gcur  
chuige agus muid i mbun oibre.



Ár Luachanna

### 3. Príomhdhúshláin, Riosca agus Deiseanna inár dTimpeallacht

Agus an creat á chruthú againn dár straitéis do na trí bliana atá romhainn, chuir an tÚdarás ár dtéarmaí tagartha reachtúla agus ár bhfeidhmeanna san áireamh chomh maith leis na timpeallachtaí inmheánacha agus seachtracha ina bhfeidhmímid. Bhíomar ábalta, dá bharr sin, an comhthéacs ina n-oibrímid a leagan síos agus na dúshláin agus na deiseanna atá romhainn a aithint, ár láidreachtaí, na rioscaí atá romhainn agus aon laigí nach mór dúinn deileáil leo chun go n-éireoidh linn ár n-aidhm a bhaint amach.

Tar éis dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara agus leis an bpobal, bhíomar cúramach go gcuirfí fachtóirí inár dtimpeallacht sheachtrach san áireamh a théann i gcion ar conas a dhéanaimid ár gcuid oibre, bídís ina bhfachtóirí polaitiúla, eacnamaíocha, sóisialta, teicniúla, comhshaoil nó dlí. Tá curtha acu siúd le cruth a chur ar ár n-aidhmeanna agus ár ngníomhaíochtaí sna trí bliana atá romhainn. Is deiseanna agus dúshláin araon atá sna fachtóirí seachtracha seo, bagairtí agus rioscaí in aghaidh aidhmeanna an Údaráis agus na torthaí ar mhaith linn a bhaint amach don phóilíneacht in Éirinn. Rinneamar iarracht sa straitéis leas a bhaint as na deiseanna a chuirfidh feabhas ar fheidhmíocht an Gharda Síochána agus iad ag soláthar seirbhísí póilíneachta, agus ár bhfeidhmíocht féin a fheabhsú agus muid ag déanamh maoirseacht ar an bpóilíneacht agus muinín a spreagadh sa phóilíneacht in Éirinn.

Áirítear go háirithe sna fachtóirí seo, an plean claochlaithe don phóilíneacht in Éirinn a eascraíonn ó mholtaí an Choimisiúin ar Thodhchaí na Póilíneachta a d'aontaigh an Rialtas i mí na Nollag 2018. Cé go ndearnadh an chéad dréacht in 2018 nuair a bhí neamhchinnteacht ann maidir le foilsiú thuarascáil an Choimisiúin agus cibé an gcuirfí an tuarascáil san áireamh ann fiú, tugadh chun críche é i bhfianaise chinneadh an Rialtais an comhthéacs athraithe a chur san áireamh. Dá bharr sin, tá sé mar aidhm faoi leith ag an straitéis seo:

- Leanúint orainn ag cur ár bhfeidhmeanna reachtúla i bhfeidhm go héifeachtach faoin reachtaíocht reatha;
- Comhairle a thabhairt don Aire agus forbairt á déanamh ar shonraí chinneadh an Rialtais;
- Bheith réidh le haistriú gan dua agus gan mhoill, faoi réir na reachtaíochta cuí, go dtí comhlacht maoirseachta nua a eascróidh ón gcumasc idir an tÚdarás agus Cigireacht an Gharda Síochána; agus
- Ullmhúchán praiticiúil a dhéanamh chun an bealach a réiteach do théarmaí tagartha níos leithne atá i gceist don chomhlacht sin maidir le póilíníú pobail, cearta an duine, taighde agus caighdeán a leagan síos mar aon le feidhmeanna reatha na gcomhlachtaí atá ann cheana féin.

Táimid de shíor feasach ó thaobh na rioscaí, inmheánach agus seachtrach, atá ag baint lenár dtimpeallacht, ár straitéisí agus ár ngníomhaíochtaí. Tá iarracht déanta againn na rioscaí sin a mhaolú agus an straitéis á leagan amach againn agus conas atá sé i gceist againn é a bhaint amach. Déantar athbhreithniú agus bainistiú ar riosca ar bhonn leanúnach. Leanfaimid orainn, thar saolré na straitéise seo, ag machnamh ar na rioscaí atá romhainn agus ag cur ár ngníomhaíochtaí in oiriúint gan mhoill chun freagairt do thimpeallacht atá ag athrú.

Leanfaimid orainn ag cur lenár láidreachtaí reatha chun ár spriocanna a bhaint amach trí dhaoine a earcú agus a fhorbairt atá oillte agus díograiseach. Bainfimid úsáid as bealaí oibre nuálacha, coimeádfar córais rialachais láidir agus beifear dílis dár gcroíluachanna – neamhspleáchas, trédhearacht, misneach agus oibreimid ar mhaithe le leas an phobail. Beidh ár dtosaíochtaí corparáideacha bliantúla le feiceáil bliain ar bhliain agus muid ag obair chun an straitéis seo a bhaint amach.

#### **4. Cearta an Duine agus Gealltanais maidir le Comhionannas**

De réir Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014, ní mór do chomhlachtaí poiblí, agus iad i mbun a ndualgas, a bheith feasach maidir le deireadh a chur le leithcheal agus deiseanna comhionannais a chur chun cinn. Ní mór dóibh cearta daonna a mbaill, a bhfostaithe agus na ndaoine a bhfuil siad ag soláthar seirbhíse dóibh a chosaint agus a chomhlíonadh.

De réir an riachtanais reachtúil seo, ní mór don Údarás measúnú a dhéanamh ar na ceisteanna um chearta daonna agus comhionannas a bhaineann, ina thuairim féin, lena fheidhmeanna agus lena chuspóirí, chomh maith leis na bearta, na pleananna agus na gníomhaíochtaí atá i bhfeidhm nó a bheidh i bhfeidhm chun deileáil leo.

Cuireann an tÚdarás Póilíneachta béim láidir ar chearta maidir le nósanna imeachta cóir, an ceart chun príobháideachta, cothroime rochtana agus caitheamh cothrom i ngach gné dá fheidhmeanna agus déanfaimid ár ndícheall a chinntiú go n-oibreoidimid trí lionsa chearta an duine agus an chomhionannais. Is bunchuid iad ár ndualgais ina leith seo de na haidhmeanna agus na gníomhaíochtaí atá leagtha amach sa straitéis seo.

Oibreoidimid chun a bheith cinnte go gcosnófaí dínit agus leas na foirne go léir, agus spreagfar cultúr rannpháirtíochta agus meas i dtaobh na gcearta agus na bprionsabail seo. Déanfaimid mionscrúdú ar agus cuirfimid i bhfeidhm socrú réasúnta agus idirdhealú dearfach chun a chinntiú go bhfuil rochtain ag ár lucht saothair ilchineálach agus ag na páirtithe leasmhara ar ár láthair oibre, ár modh oibre agus ár gcumarsáid. Coimeádtar gach polasaí agus cleachtadh faoi athbhreithniú chun a chinntiú go gcomhlíonann siad an deachleachtas.

Tá mandáit reachtúil ag an Údarás maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmeanna an Gharda Síochána a bhaineann le seirbhísí póilíneachta. Áirítear leis seo freagracht as gealltanais a sholáthar don phobal go bhfuil cultúr i réim sa Gharda Síochána a chuimsíonn na caighdeáin eiticiúla is airde, a ghlacann go fonnmhar le héagsúlacht agus a dheimhníonn cearta an duine. Tríd ár ngníomhaíochtaí maoirseachta agus ár measúnú ar fheidhmíocht an Gharda Síochána seirbhísí póilíneachta a sholáthar, déanfaimid ár ndícheall go neadófaí na prionsabail seo chun go mbeidh ag muintir na tíre seo an tseirbhís phóilíneachta a bhfuil de cheart acu, seirbhís a chomhlíonann na caighdeáin is airde maidir le cearta an duine agus comhionannas.

## 5. Torthaí, Aidhmeanna, Gníomhaíochtaí agus Táscairí Feidhmíochta

Tá sé beartaithe ag an Údarás leanúint air ag obair ar na ceithre thoradh ardleibhéal atá ina bhfócas straitéise dúinn i gcónaí.

Toradh Inmhianaithe 1 – Feabhas leanúnach ar póilíneacht in Éirinn agus acmhainní poiblí á n-úsáid ag an nGarda Síochána ar bhealach éifeachtach agus éifeachtúil		
Aidhmeanna	Gníomhaíochtaí	Táscairí Feidhmíochta
<p><b>Creat cuntasachta agus táscairí feidhmíochta éifeachtúla don Gharda Síochána curtha i bhfeidhm</b></p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Athbhreithniú a dhéanamh ar Ráiteas Straitéise an Gharda Síochána 2019-2021 agus é a fhaomhadh;</li> <li>• Tosaíochtaí póilíneachta a leagan síos go bliantúil i ndiaidh phróisis comhairliúcháin poiblí;</li> <li>• Pleananna póilíneachta bliantúla an Gharda Síochána a fhaomhadh;</li> <li>• Cur le cur chuige an Údaráis maidir le maoirseacht ar fheidhmíocht trí raon níos leithne de tháscairí feidhmíochta a fhorbairt chun measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn de réir an Phlean Póilíneachta</li> <li>• Maoirseacht dírithe ar straitéis, ar thosaíochtaí agus ar phlean póilíneachta an Gharda Síochána go háirithe sna réimsí seo:             <ul style="list-style-type: none"> <li>- Comhdhéanamh agus struchtúr lucht saothair an Gharda Síochána;</li> <li>- Imlonnú Acmhainní an Gharda;</li> <li>- Foghlaim agus feabhas leanúnach;</li> <li>- Cultúr agus Eitic; Maoirseacht;</li> <li>- Imscrúdú;</li> <li>- Cáilíocht Sonraí agus Cosaint;</li> <li>- Cearta an Duine agus Comhionannas;</li> <li>- Cearta íospartach agus seirbhísí; agus</li> <li>- Cearta Leanaí agus seirbhísí.</li> </ul> </li> <li>• Athbhreithniú leanúnach ar chur i bhfeidhm agus sásúlacht creat cuntasachta agus táscairí feidhmíochta do gach ball den Gharda Síochána;</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Ráiteas Straitéise an Gharda Síochána 2019-2021 curtha faoi bhráid an Údaráis roimh 30 Meitheamh 2019.</li> <li>• Tosaíochtaí Póilíneachta curtha in iúl do Choimisinéir na nGardaí agus foilsithe go bliantúil.</li> <li>• Pleananna póilíneachta costáilte faofa roimh 30 Samhain gach bliain.</li> <li>• Tuarascálacha foilsithe a chuimsíonn ETF.</li> <li>• Tuarascálacha leathbhliantúla ar an bPlean Póilíneachta.</li> <li>• Creat cuntasachta agus táscairí feidhmíochta éifeachtúla don Gharda Síochána curtha i bhfeidhm, fianaithe agus maoirsithe ag cruinnithe míosúla an Údaráis.</li> </ul>

Aidhmeanna	Gníomhaíochtaí	Táscairí Feidhmíochta
	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Maoirseacht ar fhorbairt ar imlonnú cuimsitheach den lucht saothair chun go mbainfí an úsáid is fearr, is éifeachtúla agus is éifeachtaí as acmhainní an Gharda Síochána.</li> <li>• Baint le páirtithe leasmhara a leathnú amach chun eolas a dhéanamh d’obair mhaoirseachta, cearta an duine agus comhionannas mar aon le measúnú ar fheidhmíocht na nGardaí.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Pleanáil lucht saothair chuimsitheach agus chomhtháite, straitéisí imlonnaithe agus éagsúlachta i bhfeidhm sa Gharda Síochána; agus</li> <li>• Feabhas in éifeachtúlacht an Gharda Síochána maidir le beartú tosaíochta agus úsáid acmhainní.</li> <li>• Fianaise níos fearr chun tacú le gníomhaíochtaí maoirseachta.</li> </ul>
<p><b>Nuachóiriú agus feabhas córasach ar an nGarda Síochána</b></p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar chórais atá i bhfeidhm sa Gharda Síochána chun a chinntiú go gcuirfí i bhfeidhm eochairmholtaí ó thríú páirtithe.</li> <li>• Maoirseacht a dhéanamh ar thairbhe ón infheistiú i mbunathrú Córais Chumarsáide na nGardaí, e.g. cumas a mheasúnú fianaise a sholáthar chun cinntí a dhéanamh, feidhmíocht a bhainistiú mar aon le tosaíochtaí agus úsáid acmhainní.</li> <li>• Rannpháirtíocht ghníomhach sa Chomhghrúpa Oibre ar Acmhainní an Gharda Síochána</li> <li>• Maoirseacht a dhéanamh ar threochtaí agus patrúin na ngearán in aghaidh an Gharda Síochána;</li> <li>• Caidrimh éifeachtúla a dhoimhniú le comhlachtaí maoirseachta póilíneachta eile ar nós Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána agus Cigireacht an Gharda Síochána.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Fianaise go bhfuil moltaí ó Chigireacht an Gharda Síochána agus tríú páirtithe eile á gcur i bhfeidhm;</li> <li>• Tuarascálacha foilsithe ar dhul chun cinn agus athchóiriú;</li> <li>• Suirbhé leanúnach ar Dhearcadh an Phobail; agus</li> <li>• Leithdháileadh acmhainní feabhsaithe don Gharda Síochána de réir straitéise agus tosaíochtaí i measc rudaí eile.</li> <li>• Plean Póilíneachta costáilte agus córas ETF chun feidhmíocht a thomhas; agus</li> <li>• Teagmháil dhearfach le Coimisinéir na nGardaí i gcruinnithe poiblí ar úsáid agus beartú tosaíochta acmhainní.</li> <li>• Comhairle bhliantúil don Aire ar shásúlacht acmhainní an Gharda.</li> <li>• Leibhéal agus nádúr gearán agus torthaí smachta.</li> <li>• Dea-chaidrimh oibre le Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána agus Cigireacht an Gharda Síochána.</li> </ul>

Aidhmeanna	Gníomhaíochtaí	Táscairí Feidhmíochta
	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Caidrimh a fhorbairt le comhlachtaí maoirseachta go hidirnáisiúnta</li>   <li>• Na socruithe rialachais agus struchtúirí laistigh den Gharda Síochána don iniúchadh inmheánach, do chaighdeáin ghairmiúla agus do bhainistiú riosca a choimeád faoi athbhreithniú</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Eolas níos doimhne ar mhaoirseacht phóilíneachta chun cur le maoirseacht níos éifeachtúla agus feabhas sa phóilíneacht.</li>   <li>• Athbhreithniú ar fheidhmíocht chórais rialachais agus ceistanna a eascraíonn as, curtha in iúl mar is cuí don Choimisinéir agus do Chathaoirleach an Choiste Iniúcháireachta.</li> </ul>



**Toradh Inmhianaithe 2 – Cultúr ardfheidhmíochta agus luachanna láidre eitice i measc an Gharda Síochána**

Aidhmeanna	Gníomhaíochtaí	Táscairí Feidhmíochta
<p><b>Cur le cleachtas bhreithe chun tacú le cearta daonna agus le feabhas a chur ar chultúr an Gharda Síochána, trí</b></p> <p><b>(a) chaighdeán iompair agus chleachtas eiticiúla, agus</b></p> <p><b>(b) forálacha chun tuairisciú éagóracha a spreagadh agus a éascú.</b></p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Maoirseacht agus dearbhú cáilíochta ar na céimeanna atá tógtha ag Coimisinéir na nGardaí chun Cód Eitice a neadú; bearta chun caighdeán in oifigí poiblí a chinntiú agus tacú le héagóracha a thuairisciú san eagraíocht.</li> <li>• Maoirseacht ar mhachnamh Choimisinéir na nGardaí ar bhearta chun deileáil le torthaí an Iniúchta ar Chultúr na nGardaí agus conas iad seo a chur i bhfeidhm.</li> <li>• Cur le hathchóiriú córas smachta agus éifeachtúlacht an athchóirithe a mheas.</li> <li>• Maoirseacht ar chur i bhfeidhm éiteas éifeachtach um sheirbhís do chustaiméirí sa Gharda Síochána.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Fianaise go bhfuil an Cód Eitice neadaithe sa Gharda Síochána, maoirsithe ag cruinnithe an Údaráis;</li> <li>• Machnamh a dhéanamh maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar an gCód Eitice don Gharda Síochána i gcomhthéacs moltaí reachtaíochta maidir le maoirseacht Gardaí;</li> <li>• Meicníochtaí éifeachtacha i bhfeidhm sa Gharda Síochána maidir le Nochtadh Cosanta; agus</li> <li>• Comhlíonadh riachtanais na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus 2001 sa Gharda Síochána.</li> <li>• Cultúr cuntasachta agus oscailteachta bunaithe sa GS.</li> <li>• Córais tráthúla agus éifeachtacha i bhfeidhm sa Gharda Síochána; agus</li> <li>• Treochtaí i gcúrsaí smachta agus maoirseacht ar éifeachtúlacht na gcóras smachta.</li> <li>• Córais chun déileáil le gearáin ó chustaiméirí atá éifeachtach, éifeachtúil, cothrom agus dírithe ar an gcustaiméir; agus</li> <li>• Treochtaí i ngearáin ó chustaiméirí.</li> </ul>
<p><b>Córas ceapacháin do gach ball foirne den Gharda Síochána atá bunaithe go maith agus i bhfeidhm go hiomlán agus atá faoi théarmaí tagartha ceapacháin an Údaráis.</b></p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Leanúint den phróiseas ceapacháin do chéimeanna sinsearacha sa Gharda Síochána; córais a fhás agus a fhorbairt i gcomhairle le Coimisinéir na nGardaí agus ar aon dul leis an dea-chleachtas.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Ceapacháin tráthúla bunaithe ar chórais roghnúcháin atá bunaithe ar thuillteanas;</li> <li>• Córas a chomhlíonann an creat reachtaíochta cuí agus</li> <li>• Go meastar laistigh den Gharda Síochána agus i measc an phobail go bhfuil an córas cothrom agus neamhchlaonta.</li> </ul>

Aidhmeanna	Gníomhaíochtaí	Táscairí Feidhmíochta
	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Maoirseacht a dhéanamh ar nuachóiriú ar chórais ardú céime do na céimeanna Sáirsint agus Cigire sa Gharda Síochana.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Córais ardú céime nuachóirithe le haghaidh Sáirsint agus Cigire bunaithe ar mholtaí an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí agus deachleachtas.</li> </ul>
<p><b>Na socruithe atá ann d'earcú, d'oiliúint agus d'fhorbairt baill den Gharda agus foireann an Gharda a choimeád faoi athbhreithniú.</b></p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Maoirseacht ar dhul chun cinn an Gharda Síochána maidir le córas bainistiú feidhmíochta a chur i bhfeidhm.</li> <li>• Athbhreithniú foirmiúil ar eilimintí d'oiliúint agus d'earcú Gardaí.</li> <li>• Maoirseacht ar fhorbairt agus cur i bhfeidhm Straitéis Foghlama agus Forbartha na nGardaí a chlúdóidh an oiliúint go léir agus forbairt leanúnach do Ghardaí agus don fhoireann ag gach leibhéal san eagraíocht.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Córas bainistiú feidhmíochta curtha i bhfeidhm sa Gharda Síochána; agus</li> <li>• Spleáchas ar chóras bainistiú feidhmíochta chun riachtanais maidir le forbairt foirne a aithint agus pleananna oiliúna a fhorbairt, agus a bheidh mar ionchur i gcúrsaí ceapacháin.</li> <li>• Athbhreithnithe éagsúla críochnaithe agus foilsithe</li> <li>• Straitéis Foghlama agus Forbartha éifeachtach i bhfeidhm bunaithe ar PALF agus Pleanáil Lucht Saothair, arna thacú ag struchtúir agus rialachas cuí, chomh maith leis an oiliúint chuí.</li> </ul>

**Toradh Inmhianaithe 3 – Feasacht láidir i measc an phobail agus rannpháirtíocht maidir le cúrsaí póilíneachta**

Aidhmeanna	Gníomhaíochtaí	Táscairí Feidhmíochta
<p><b>Caidrimh oibre éifeachtúla le heochair-pháirtithe leasmhara</b></p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Athbhreithniú ar straitéis bhreithe cumarsáide agus í a chur i bhfeidhm;</li> <li>• Coimeád faoi athbhreithniú doimhne agus raon na bpáirtithe leasmhara a bhfuil teagmháil ag an Údarás leo, agus caidrimh a fhorbairt agus a dhoimhniú le páirtithe leasmhara cuí.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Straitéis cumarsáide i bhfeidhm de réir ETF cuí.</li> <li>• Aiseolas ó eochair-pháirtithe leasmhara chun eolas a thabhairt d’obair an Údaráis; agus</li> <li>• Obair i gcomhar le heochair-pháirtithe leasmhara i gcomhréimsí spéise</li> </ul>
<p><b>An pobal i dteagmháil go gníomhach leis an nGarda Síochána trí Chomhchoistí Póilíneachta ar bhealach a éascaíonn an cosc ar chuireanna; Feabhas ar shábháilteacht agus ar chaighdeán na beatha do shaoránaigh</b></p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Teagmháil níos doimhne le Comhchoistí Póilíneachta agus fóraim le haghaidh Póilíníú Pobail.</li> <li>• Meicníochtaí nua a ullmhú chun maoirseacht a dhéanamh ar phóilíníú pobail leagtha amach i moltaí an Choimisiúin ar Thodhchaí na Póilíneachta</li> <li>• Treoirínte a eisiúint a bhaineann le Comhchoistí Póilíneachta mar is cuí.</li> <li>• Cruinnithe a reáchtáil agus/nó comhdhálacha náisiúnta a eagrú le CP agus páirtithe leasmhara eile mar is cuí, chun tacú lena bhfeidhmíocht agus chun ionchur ón bpobal a sholáthar d’obair an Údaráis.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Teagmháil ghníomhach le póilíneacht áitiúil chun cur le maoirseacht eolach.</li> <li>• Teagmháil ghníomhach ag an nGarda Síochána leis an bpobal trí fhóraim le haghaidh póilíníú pobail, fianaithe agus maoirsithe ag cruinnithe an Údaráis;</li> <li>• Treoir do CP chun cuntasacht áitiúil maidir le feidhmíocht póilíneachta a fheabhsú trí phleananna póilíneachta áitiúla.</li> <li>• Deis breisithe do Chomhchoistí Póilíneachta agus d’fhóraim phóilíneachta áitiúla cur le maoirseacht póilíneachta náisiúnta agus áitiúil.</li> </ul>
<p><b>Feabhas a chur ar fheasacht an phobail maidir le cúrsaí póilíneachta</b></p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Cruinnithe agus imeachtaí poiblí a reáchtáil mar is gá chun caighdeán fheabhsaithe a chur chun cinn agus rochtain ar eolas cruinn a éascú.</li> <li>• Scrúdú a dhéanamh ar dheiseanna agus úsáid a bhaint astu chun feasacht an phobail ar an bpóilíneacht a ardú, go háirithe trí na córais oideachais ag an mbunleibhéal, an meánleibhéal agus an tríú leibhéal.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Tuiscint níos fearr ag an bpobal ar an bpóilíneacht trí chruinnithe agus imeachtaí, ráitis phoiblí, tuarascálacha agus caidreamh leis an bpobal.</li> <li>• Foilsiú agus scaipeadh ábhar chun aird a tharraingt ar ról an Gharda Síochána agus ar chearta an duine. Caidreamh leis an bpobal ag imeachtaí, mar shampla, ag Taispeántas na nEolaithe Óga agus an Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta</li> </ul>

Aidhmeanna	Gníomhaíochtaí	Táscairí Feidhmíochta
	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Barr feabhais a chur ar úsáid shuíomh gréasáin agus meáin shóisialta an Údaráis chun faisnéis a sholáthar faoi obair an Údaráis agus chun feasacht a chur chun cinn i measc an phobail maidir le póilíneacht in Éirinn.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Feabhas ar eolas i measc an phobail ar eochairthionscadail eolais a dhéantar a thomhas, mar shampla, trí: <ul style="list-style-type: none"> <li>- Suirbhéireacht phoiblí ;</li> <li>- Amais ar shuíomh an Údaráis a bhaineann le heochairfheachtais eolais;</li> <li>- Méid na gcruinnithe poiblí a dhéantar a thomhas tríd an líon daoine i láthair, rochtain ar bheoshruthú, tagairtí ar na meáin shóisialta;</li> <li>- Leibhéal freagartha ag comhairliúcháin phoiblí; agus</li> <li>- Tapú deiseanna gach bliain chun freastal ar lucht éisteachta nua</li> </ul> </li> </ul>
	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Tabhairt faoi thionscadail taighde, iad a choimisiúnú nó tacú leo (trí chomhairliúchán poiblí freisin) maidir le seirbhísí póilíneachta;</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Buntaighde ar réimse de chúrsaí póilíneachta; agus</li> <li>• Críoch curtha le roinnt tionscadail taighde ar chúrsaí póilíneachta agus maoirseachta déanta ag taighdeoirí seachtracha agus maoinithe ag Sparánacht Taighde.</li> </ul>

**Toradh Inmhianaithe 4 – An tÚdarás ina eagraíocht ardfheidhmíochta, nuálach, freagrúil a bhfuil meas air, dírithe ar a fhís agus a mhisean**

Aidhmeanna	Gníomhaíochtaí	Táscairí Feidhmíochta
<p><b>Eagraíocht éifeachtach a bhfuil cultúr ardfheidhmíochta ann</b></p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Daoine cumasacha agus spreagtha a mhealladh agus a choimeád</li> <li>• An fhoireann a fhorbairt trí chóras cuimsitheach bainistíochta feidhmíochta agus foghlama agus forbartha.</li> <li>• Riachtanais rialachais agus rialúcháin a chomhlíonadh mar atá leagtha amach sa reachtaíocht agus sna Cóid Chleachtais.</li> <li>• Leanúint orainn réitigh nuálacha a aithint agus a chur i bhfeidhm chun tacú le maoirseacht éifeachtach a sholáthar mar aon le seirbhísí póilíneachta breisithe.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Plean lucht saothair curtha i bhfeidhm agus foireann oillte, forbartha ag obair ar an láthair.</li> <li>• Fianaise go bhfuil beartú spriocanna éifeachtúil don fhoireann i bhfeidhm mar aon le measúnú feidhmíochta do gach fostaí arna thacú ag Plean Oiliúna, oiliúint chuí agus deiseanna forbartha don fhoireann.</li> <li>• Bainistiú riosca réamhghníomhach a bhfuil aithint agus maolú riosca éifeachtach ann; agus</li> <li>• Tuarascálacha iniúchta inmheánacha agus seachtracha atá dearfach.</li> <li>• Próisis agus córais éifeachtacha agus nuálacha i bhfeidhm mar aon le maoirseacht a bhfuil meas uirthi chun tacú le póilíneacht den scoth.</li> </ul>
<p><b>Tuarascálacha oiriúnacha agus tráthúla a chur ar fáil don Aire chomh maith le comhairle ar chúrsaí póilíneachta.</b></p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Ráiteas Straitéise agus Tuarascálacha Bliantúla an Údaráis a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais.</li> <li>• Freagairt go pras agus go héifeachtach d'iarraí ar chomhairle nó maidir le tuarascálacha a fhaightear ón Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Tuarascálacha curtha isteach ar bhonn tráthúil de réir riachtanais reachtúla.</li> <li>• Ionchur agus comhairle ardchaighdeán a bhfuil meas air curtha ar fáil go tráthúil.</li> </ul>
<p><b>Socruithe idirthréimhseacha chun moltaí comhaontaithe an Choimisiúin ar Thodhchaí na Póilíneachta a chur i bhfeidhm</b></p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Léirmheas a dhéanamh ar chur i bhfeidhm moltaí maidir leis an gCoimisiún ar Thodhchaí na Póilíneachta mar a bhaineann siad le feidhmeanna an Údaráis;</li> <li>Socruithe idirthréimhseacha a thabhairt isteach don eintiteas nua atá le bunú nuair a chomhcheanglaítear an</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Ionchur curtha ar fáil don Ghrúpa Forfheidhmithe;</li> <li>• Plean idirthréimhseach aontaithe agus curtha i bhfeidhm;</li> <li>• Obair déanta i gcomhar le Cigireacht an Gharda Síochána; agus</li> </ul>

Aidhmeanna	Gníomhaíochtaí	Táscairí Feidhmíochta
	tÚdarás agus Cigireacht an Gharda Síochána	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Acmhainní riaracháin roinnte.</li> </ul>
	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Cur le saineolas agus acmhainn i gcúrsaí Chearta an Duine.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Méadú ar eolas agus acmhainn i gcúrsaí Cearta an Duine; agus</li> <li>• Comhairleoir um Chearta an Duine i bhfeidhm agus roinnt athbhreithnithe déanta.</li> </ul>

Is féidir dul i dteagmháil leis an Údarás Póilíneachta mar seo a leanas:

**Post:** An tÚdarás Póilíneachta  
4ú Urlár  
90 Sráid an Rí Thuaidh  
Baile Átha Cliath 7  
D07 N7CV

**Guthán:** +353 1 858 9090

**Ríomhphost:** [info@policingauthority.ie](mailto:info@policingauthority.ie)

**Idirlíon:** [www.policingauthority.ie](http://www.policingauthority.ie)

